COUR DE JUSTICE
DE L'UNION EUROPÉENNE

**PREASEISIÚINT Uimh. 42/23**

**Lucsamburg, 3 Márta 2023**


# Staitisticí breithiúnacha 2022: dlíthíocht ina bhfuil na saincheisteanna is tábhachtaí sa lá atá inniu ann (an smacht reachta, an comhshaol, cosaint príobháideachais sa ré dhigiteach, etc.) agus ag na bearta sriantacha arna nglacadh ag an Aontas Eorpach i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin

*Deimhnítear líon ard na gcásanna a tugadh os comhair Chúirt Bhreithiúnais agus Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh don chúigiú bliain as a chéile*

Tá líon na gcásanna a tugadh os comhair an dá chúirt in 2022 inchomparáide leis an mbliain roimhe sin (1 710 cás in 2022, i gcomparáid le 1 720 in 2021) agus tá sé fós, mar sin, ar leibhéal an-ard. Féadfar méadú suntasach agus struchtúrach a thabhairt faoi deara i líon na gcásanna a tugadh isteach le cúig bliana anuas, go háirithe os comhair na Cúirte Breithiúnais (+21%). Idir 2013 agus 2017, fuair an Chúirt Bhreithiúnais 693 chás ar an meán in aghaidh na bliana, agus idir 2018 agus 2022 d'ardaigh an meán sin go 839, arb ionann é sin agus méadú 146 chás in aghaidh na bliana. Tá cobhsú tagtha ar líon na gcásanna a tugadh os comhair na Cúirte Ginearálta, le 883 chás arna thionscnamh ar an meán in aghaidh na bliana.

Maidir le líon na gcásanna ar déileáladh leo, bhí an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta in ann 1 666 chás san iomlán a dhúnadh in 2022, a chomhfhreagraíonn don mheán le blianta beaga anuas (1 692 chás in aghaidh na bliana idir 2018 agus 2021).

**Forbairt ghinearálta ghníomhaíocht bhreithiúnach na hInstitiúide 2018-2022: cásanna a tugadh isteach, a dúnadh agus atá ar feitheamh**




| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna a tugadh isteach | 1 683 | 1 905 | 1 584 | 1 720 | 1 710 |
| Cásanna a dúnadh | 1 769 | 1 739 | 1 540 | 1 723 | 1 666 |
| Cásanna atá ar feitheamh | 2 334 | 2 500 | 2 544 | 2 541 | 2 585 |

Maidir leis na saincheisteanna a chumhdaítear leis an dlíthíocht a tugadh os comhair an dá chúirt, tugann an Koen Lenaerts, Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi deara '*iarrtar níos mó ná riamh ar an Institiúid cinntí breithiúnacha a ghlacadh maidir le saincheisteanna íogaire. Cibé an é caomhnú na luachanna a bhaineann leis an smacht reachta, cosaint an chomhshaoil, an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe, cosaint príobháideachais agus sonraí pearsanta, comhlíonadh rialacha iomaíochta ag ollchuideachtaí digiteacha, cosaint tomhaltóirí nó athbhreithniú ar dhlíthiúlacht maidir le bearta sriantacha a glacadh mar fhreagra ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó ar an dlí idirnáisiúnta, tá tionchar díreach ag cinntí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta ar roinnt de na saincheisteanna is tábhachtaí atá os comhair an domhain inniu.*'

Chun a cumas a chaomhnú, sa chomhthéacs sin, cinntí ardchaighdeáin a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnach ama, rinne an Chúirt Bhreithiúnais, de réir na rogha sin a thugtar sna Conarthaí, an 30 Samhain 2022, iarraidh a tharchur chuig reachtóir an Aontais Eorpaigh chun dlínse réamhrialaithe a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta in ábhair shonracha áirithe agus síneadh a chur leis an sásra faoinar cheart cead a bheith ann dul ar aghaidh le hachomhairc in aghaidh chinntí na Cúirte Ginearálta ar dtús.


**An Chúirt Bhreithiúnais**

Tá líon na gcásanna a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais ard i mbliana, go háirithe i gcás iarrataí ar réamhrialú.

Tá líon na gcásanna atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais seasmhach (1 111 in 2022 i gcomparáid le 1

113 chás in 2021). Tá líon na gcásanna a dúnadh in 2022 beagán níos airde ná líon na gcásanna a tugadh isteach sa bhliain chéanna.

**Gníomhaíocht ghinearálta na Cúirte Breithiúnais — Cásanna a tugadh isteach, a dúnadh agus atá ar feitheamh (2018-2022)**




| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna a tugadh isteach | 849 | 966 | 737 | 838 | 806 |
| Cásanna a dúnadh | 760 | 865 | 792 | 772 | 808 |
| Cásanna atá ar feitheamh | 1 001 | 1 102 | 1 047 | 1 113 | 1 111 |

Maidir le fad na n-imeachtaí, féadtar a thabhairt faoi deara **go n-ardaítear le líon méadaitheach cásanna a thugtar os comhair na Cúirte Breithiúnais saincheisteanna íogaire agus casta, lena n-éilítear tuilleadh machnaimh agus ama.** Mar sin féin, mar thoradh ar úsáid mhéadaithe orduithe, go háirithe in achomhairc, bhí fad iomlán na n-imeachtaí (16.4 mí) cosúil le fad na bliana roimhe sin (16.6 mí). É sin ráite, mar chomhartha ar chastacht mhéadaithe na gceisteanna a tharchuirtear chuig an gCúirt Bhreithiúnais, feictear go bhfuil síneadh beag le meánfhad na n-imeachtaí le haghaidh réamhrialú (17.3 mí, i gcomparáid le 16.7 mí in 2021).

Maidir le bunús na dtarchur chun réamhrialú, féadfar a thabhairt faoi deara gurbh iad cúirteanna na Gearmáine (98), na hIodáile (63), na Bulgáire (43), na Spáinne (41) agus na Polainne (39) a rinne an líon is airde iarrataí ar réamhrialuithe a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais in 2022.

**Cásanna arna dtarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú ag cúirteanna na mBallstát (2022)**




| BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | FR | HR | IT | CY | LV | LT | LU | HU | MT | NL | AT | PL | PT | RO | SI | SK | FI | SE | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 | 43 | 13 | 4 | 98 | 4 | 14 | 4 | 41 | 23 | 4 | 63 | | 4 | 6 | 2 | 20 | | 28 | 34 | 39 | 28 | 29 | | 7 | 6 | 2 | **546** |

**An Chúirt Ghinearálta**

Tar éis na gcásanna a bhaineann leis an ngéarchéim sláinte (cúnamh stáit, soláthar poiblí, beartas trádála, sláinte phoiblí, rochtain ar dhoiciméid agus seirbhís shibhialta) in 2021, **ba é ceann de na forbairtí móra in 2022 teacht chun cinn na dlíthíochta maidir le bearta sriantacha arna nglacadh ag an Aontas Eorpach i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin. Níos ginearálta, b'ionann dlíthíocht maidir le bearta sriantacha, le 103 chás nua, agus 11.4% de líon iomlán na gcásanna a tugadh isteach in 2022** (i gcomparáid le 4.8% in 2021 agus 3% in 2020)**.**


Mar sin, thug Uachtarán na Cúirte Ginearálta Marc Van der Woude faoi deara *'maidir leis an gcogadh san Úcráin agus i bhfianaise an chomhthéacs idirnáisiúnta arna mharcáil ag an teannais ar mó a mhéid i gcónaí, I bhfianaise na bhforbairtí reachtacha a rinneadh le déanaí (rialáil iomaíoch na n-ollchuideachtaí digiteacha agus an creat do Státchabhair, go háirithe i réimse an chánachais, an fhuinnimh agus an chomhshaoil, cosaint sonraí…), d'fhéadfadh an t-athbhreithniú ar dhlíthiúlacht ghníomhartha institiúidí an Aontais a dhéanamh níos déine. Ná bíodh amhras ar bith ort: tá an Chúirt Ghinearálta go hiomlán ar an eolas faoina freagrachtaí.'*

I réimse na Státchabhrach, tugadh ar a laghad 68 gcás isteach (i gcomparáid le 46 in 2021 agus 42 in 2020).[1] Ar an taobh eile, tugtar faoi deara laghdú ar líon na n-achomharc nua i réimse na maoine intleachtúla (270 i gcomparáid le 308 in 2021 agus 282 in 2020) agus na seirbhíse sibhialta (66 i gcomparáid le 81 in 2021 agus 120 in 2020).

Maidir le líon na gcásanna atá ar feitheamh, tugtar faoi deara, le 904 chás tugtha isteach agus 858 gcás dúnta, gur tháinig méadú beag ar an líon seo go 1474 (i gcomparáid le 1428 in 2021). Sáraíonn líon na gcásanna a tugadh isteach an líon a bhí ann an dá bhliain roimhe sin (882 in 2021 agus 847 in 2020), ach tá sé fós níos ísle ná mar a bhí i roinnt blianta roimhe sin (939 in 2019, 917 in 2017, 974 in 2016, agus 912 in 2014). Le 858 gcás dúnta, shocraigh an Chúirt Ghinearálta níos lú cásanna ná mar a shocraigh sí in 2021 (951). Is laghdú sealadach é an laghdú 9.8% seo agus eascraíonn sé go príomha as tabhairt isteach líon suntasach cásanna i mí na Nollag 2022 agus na hathruithe iomadúla ar chomhdhéanamh na cúirte de bharr, ar thaobh amháin, go ndeachaigh breithiúna nua i mbun dualgais sa chéad leath den bhliain agus, ar an taobh eile, an imeacht agus teacht na mbreithiúna i mí Mheán Fómhair 2022 mar chuid den athnuachan pháirteach ar an gCúirt Ghinearálta a tharlaíonn gach trí bliana.

**Gníomhaíocht ghinearálta na Cúirte Ginearálta — Cásanna a tugadh isteach, a dúnadh agus atá ar feitheamh (2018-2022)**

[1] Ar tháinig 50 díobh ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha ag cur in aghaidh chinneadh an Choimisiúin maidir leis an scéim cabhrach a chuir an Phortaingéil chun feidhme do shaorlimistéar Mhaidéara.




| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna a tugadh isteach | 834 | 939 | 847 | 882 | 904 |
| Cásanna a dúnadh | 1 009 | 874 | 748 | 951 | 858 |
| Cásanna atá ar feitheamh | 1 333 | 1 398 | 1 497 | 1 428 | 1 474 |

**Tá meánfhad na n-imeachtaí an-sásúil.** Ba 16.2 mí a bhí ann do chásanna a dúnadh le breithiúnas nó le hordú (i gcomparáid le 17.3 mí in 2021 agus 15.4 mí in 2020) agus 20.4 mí do chásanna a dúnadh le breithiúnas amháin.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355

**Bígí nasctha!**